

GABHA BHAILE ÁTHA AN RÍ

Bhí fear óg de ghabha i gConamara fadó. Bhí an saoghal go holc agus ní raibh aon tsaothrú le fághail aige. D'imthigh sé roimhe ag tóruidheacht oibre. Níor stop sé go ndeachaidh se go hÓrán Mhór agus tháinig sé isteach go dtí gabha annsin. Thug sé sin seachtain oibre dó. Nuair a bhí an tseachtain thuas, "níl mé i ndon thú a choinneál níos fuide" adeir an gabha leis. "Níl mórán oibre agam féin le déanamh. Is tú an gabha is fearr a tháinig isteach i mo cheardcha ariamh. Caithfidh mé thú a íoc amach."

D'íoc sé é agus d'imthigh fear Chonamara ina bhóthar roimhe go ndeacha sé go Baile Átha an Rí. Tháinig sé isteach ag gabha annsin, agus bhí ceardcha dhúbailte aige. Chuir sé ag obair é. Nuair a bhí bhí sé sgathamh ag obair thaithnigh sé an-mhór leis.

Bhí inghean amháin ag an ngabha agus dubhairt se leis an bhfear óg go mb'fhearr dó féin agus don inghin pósadh.

"Tá píosa deas talmhan agam agus tiubhraidh mé dhuit é léithe. An lá nach mbeidh obair sa gceardcha agat féadfaidh tú a bheith a bheith ag obair ar an talamh."

"Níl aon locht agam air" adeir an fear óg, "is maith liom a fhághail."

Phósadar annsin. Cailleadh an seanfhear i gceann blianta gearra. Bhí muirghin mhór ag eirghe ar an bhfear óg agus ar an mbean. Fuaidh sé ag curaidheacht cruithneacht agus eorna. Chuir sé dhá pháirc bhreagh, páirc chruithneachta agus páirc eorna. Bhí balla dúbalta cloiche timcheall ar chaon cheann aca agus geata iarainn ar 'chaon pháirc. Lá dá ndeachaidh sé amach fuair sé gort cruithneachta leagtha brúigte sgeanta agus a gheata briste.

"Pé ber cé na capaill a tháinig annseo aréir" adeir sé, "chuireadar droch-chuma ar mo ghort cruithneachta." Thug sé leis an geata agus dheasuigh sé é agus chuir sé san áit chéadna aríst é. Maidin lá ar na bhárach chuaidh sé san áit chéadna agus bhí an bhail chéadna ar a gheata agus ar a chruithneacht. Dheasuigh sé an geata ath-uair agus chuir sé suas aríst é.

"Beidh fhios agam-sa anocht cé leis na capaill atá ag teacht annseo" adeir sé.

Nuair a bhí sé suas le am codlata chuaidh sé amach. Chuaidh se isteach sa bpáirc a' faire na gcapall. Ní i bhfad a bhí sé ann nuair a chonnaic se sgata mór capall a' tigheacht agus marcach ar chaon chapall aca. Bhreis siad isteach thríd an ngeata. Chaitheadar díof a gcuid cotaí móra. Síos leof i lár na páirce a' bualadh báire. Tháinig fear aonraic ina ndiaidh ar chapall. D'ísligh sé dhá chapall agus leag sé a chamán le n'ais chúns a bhí sé a' baint a chóta mór de. Ní dhearna an gabha ach breith ar an gcamán. Nuair a bhí an fear mór nochtuighthe chuaidh sé a' tóruigheacht a chamáin. Dhearc sé uaidh agus chonnaic sé an gabhaina sheasamh agus an camán ina láimh.

"Tabhair dom mo chámán" ar seisean.

"Ní thiubhrad" ars an gabha. "Ceal nach bhfuigheadh sibh páirc eicint eile le dhul a' bualadh báire innte thar a bheith a' milleadh mo pháircín cruithneachta mar is géar a theastuigheanns sé sin uaim féin agus ó mó mhuirghin."

"Tabhair dom mo chamán" ar seisean.

"Mo chrádh Dé" ars an gabha, "dá mbeinn gan aon bhlas a bhailiú go bráthach de mo pháirc, tá cosmhalacht duine uasal ort thar aon fhear eile dá bhfuil ar an bpáirc, dá mbeinn gan aon bhlas a bhailiú go bráthach ar mo pháirc, seo duit do chamán."

"Is maith an buachaill" adeir an fear mór. "Ná bíodh fuacht ná faitchíos ort. Beidh do pháirc i mbárach chomh maith is bhí sé oidhche nó lá ariamh. Tig leat a dhul abhaile anois agus má bhíonn tú in aon ghábhadh choidhchin beidh mo chongnamh agus mo chuidiú agat."

Chríochnuigh Dia leis an saoghal go ndeachaidh an saoghal chun donacht ar fad. Ní raibh tada ag an ngabha lé n-ithe ná le n-ól dhó féin ná dá mhuirghin agus muirghin mhór air. Dubhairt sé lena bhean go ngabhfadh sé a' tóruidheacht oibre. D'fhága sé slán is beannacht aice agus bhuail sé an bóthar. Ní bhfuair sé aon obair ariamh go ndeachaidh sé síos go Cúige Uladh. Tháinig sé isteach ag gabha annsin agus d'iarr sé obair air.

"Ní go leor oibre atá agam féin" adeir an gabha, "agus mar sin tiubhraidh mé laethannta dhuit."

Chaith fear Bhaile Átha an Rí laethannta ag obair leis. Ní páidhe mhór a bhí ag imtheacht san am sin. D'íoc sé amach é.

"Dia sinn dá réidhteach, níl aon mhaith dom féin ná do mo mhuirghin ins an méid seo" ars an gabha, "nó céard a dhéanfas mé chor ar bith?"

"Well" adeir an gabha Ultach, "má dhéanann tú mo chomhairle b'fhéidir go n-eireochadh an saoghal go maith leat."

"Déanfaidh mé rud ar bith a fhéadfas mé a dheanfas maith dom" adeir an gabha Connachtach.

"Tá duine uasal annseo thuas a thiubhras dhá sgór punt d'aon fhear a thiubhras toil ar fanacht oidhche ina shuidhe i dteach a athar. Is iomdha fear a chuaidh ann ach bhídís marbh ar maidin gan aon ughdar céard a mharbhuigheadh iad. Má theigheann tú go teach a mhic tiubhraidh sé dhá sgór punt má thugann tú toil ar fanacht sa teach go maidin."

"Mo chrádh Dé agam" adeir sé, "má tá an dara bás le fágáil agam. Má sé tá ag Dia faoi mo choinne rachaidh mé ann má fhágaim an cead."

Chuaidh sé go dtí teach an duine uasail. D'innis sé dó cá raibh sé a dhul.

"Déanfaidh sin" adeir an duine uasal. "Gheobhfaidh tú dha sgór punt uaim maidin i mbárach má tá tú beo, ma tá sé de mhisneach agat a dhul ann. Tiubhraidh mé neart le n-ithe agus le n-ól, neart teineadh agus soluis duit agus neart leabhra le léigheamh."

"Ta go maith" adeir an gabha, "ach aon rud amháin atá mé a iarraidh ort, má ghníonn tú é, más beo nó marbh mé, tá súil agam go gcuirfeá an dá sgór punt go dtí mo bhean agus an mhuirghin."

"Geallaim sin duit" adeir an duine uasal, "go gcuirfidh me sin chuite."

Chuaidh sé síos go dtí teach athair an duine uasal agus shuidh sé síos ag tine mhaith. Bhí chuile shórt aige dár theastuigh uaidh. Bhí an oidhche dá caitheamh go socair suaimhneach.

"M'anam do Dhia mara dteighe mé a chodladh" adeir sé "má chuireann dud a rbith aon cheist orm ach mar tá mé."

Fuaidh sé a chodladh isteach i leabaidh. Ní fada a bhí sé ina chodladh nuair a chuala sé torann mór thuas ar an áiléar os a chionn. Is goirid gur airigh sé an torann a dhul anuas an staidhre agus isteach sa seomra chuige. Tháinig triúr fear agus connradh ar a ngualainn. Leag siad an chonnra i lár an urláir. D'imthigh siad féin amach as an seomra. D'eirigh an clár den chonnradh agus d'eirigh an fear amach. Thosuigh sé a' briseadh agus a' réabadh a raibh sa seomra go raibh sé ina dheireadh oidhche. D'imthigh sé amach. Níor chuir sé ceist ar an ngabha ar feadh na hoidhche.

Chomh luath is a bhí an lá ann chuir mac an duine uasal a bhuachaill síos féachaint a raibh sé beo. Nuair a d'fhosgail sé an doras tháinig sé isteach agus chonnaic sé é. Rinne sé iongnadh mór de.

"Is tú a chéad duine ariamh a bhí beo de bharr aon oidhche amháin san teach seo ó cailleadh an seandúine uasal. Siubhail leat liom go dtí mo mháighistir."

Chuaidh sé leis. Bhí fáilte mhór ag an duine uasal roimhe.

"A bhfaca tú nó ar airigh tú rud a r bith ar feadh na hoidhche?"

"Ní fhaca mé agus níor airigh mé rud ar bith níos measa ná mé féin" adeir an gabha.

"A' mbeadh sé de mhisneach agat fanacht ann anocht?" adeir an duine uasal. "Tabharfaidh mé an íocaidheacht chéanna dhuit."

"Gabhfaid" adeir an gabha.

Bhuail an gabha síos nuair a tháinig an oidhche aríst agus nuair a cheap sé go raibh sé in am fuaidh sé a chodladh an dara hoidhche. Ní raibh sé i bhfad ina chodladh nuair a d'airigh sé a' tigheacht aríst iad. Níor thada an torann ná an briseadh a bhí aca an chéad oidhche mar bhí aca an dara hoidhche. Nuair a bhí sé i ngoireamhan na gcoileach d'imthigh sé aríst. Tháinig buachaill an duine uasail cho luath is d'airigh sé an lá go bhfeicfeadh sé an raibh an gabha beo. Bhreathnuigh sé isteach.

"An bhfaca tú nó ar airigh tú rud ar bith ar feadh na hoidhche?"

"Ní fhaca mé agus níor airigh mé tada níos measa ná mé féin."

"Siubhail leat liom anois" adeir sé "go dtí mo mháighistir."

Bhí fáilte mhór ag an duine uasal roimhe. "Is tú an far is fearr a casadh orm ariamh" adeir sé leis an ngabha. "Céard a chonnaic tú nó a d'airigh tú aréir?"

"Ní fhaca mé agus níor airigh mé rud ar bith níos measa ná mé féin."

"A' mbeadh sé de mhisneach agat a dhul ann anocht?"

"Gabhfaid" adeir sé.

Nuair a tháinig an oidhche bhuail sé leis aríst agus bhuail sé isteach san áit chéadna.

Ní raibh ach achar beag den oidhche caithte nuair a d'airigh sé an-torann os a chionn ar an áiléar. D'airigh sé an torann a' dhul chuige anuas an staidhre agus shíl sé go raibh an teach leagtha.

“Táthar chugam anocht” ar seisean “seachas ariamh.”

Is gairid go raibh sé chuige isteach sa seomra mar bheadh tarbh lena phéire adharc. Rinne sé ar an áit a raibh sé ina shuidheadh. D’éirigh an gabha de léim den chathaoir agus chuaidh sé isteach i gcoirnéal idir binn an tseomra agus an taobh bhalla. Nuair a chonnaic an beithidheach mór é sa gcoirnéal chrom sé síos a chloigeann go gcuirfeadh sé ceann de na hadharca faoi. Sgannruigh an gabha.

“Ara a chamáin” adeir sé, “cá bhfuil tú?”

Chomh luath agus labhair sé ar an gcamán thuit an dá adhairc den bheithidheach agus d’iompuigh sé amach ina fhear in a fhiadhnais sa gcomraidheach chéadna a raibh sé sa bpáirc chruithneacht.

“Cén chiall” ar seisean, “Nár ghaidh tú orm níos luaith’. Ní chuirfinn sa trioblóid thú a ndeachaidh tú thríd. Is tú an fear is fearr a tháinig isteach sa teach seo ariamh. Mise an duine uasal a bhí ina chomhnaidhe san teach seo. Bhí mé i mo oighre dúithche agus ní fhéadfadh fear a bheith níos measa ná mé do mo chuid tionóntaí. Bhain mé go leor airgid go héagórach díofa agus chuir mé cuimse baintreabhacha amach. Bhí mé lá a’ tigheacht abhaile ar mo chapall – siubhail leat anois agus spáinfidh mé an spota dhuit ar marbhuigheadh mé.”

Chuadar amach gur spáin sé dó an áit ar thuit sé marbh anuas dá chapall. “Sin é anois” adeir sé, “an spota ar marbhuigheadh mise. Féadfaidh tú é sin a innseacht do mo mhac.

“Siubhail leat anois” adeir sé. Thug sé isteach i seomra é a raibh trí umar óir ann.

“Bhfeiceann tú iad sin anois” adeir sé.

“Feicim” adeir an gabha.

“Tá an chéad cheann aca seo ag dhul do na daoine ar bhain mé díof é. Sin é an t-airgead a bhain mé amach go héagórach. Tá an dara ceann a’ dul duitse agus an tríomhadh ceann do mo mhac. Níl aon ghoir agamé seo a fhágáil choidhchin go n-íocaidh mo mhac ar ais chuile phinginn a fheiceas tú san umar sin leis an muinntir a bhain mé díof é. Cuireadh sé na baintreabhacha ar ais ina n-áit féin arís. Nuair a bhéas sé sin déanta gheobhfa sé Aifreann léighte dhom-sa. Chúns bhéas an t-áifreeann dá léigheamh beidh mise i mo sheasamh leis na sgeichí sin amuigh cho dubh le fiadh. Ní fheicfidh aon duine mé ach tusa. Nuair a bheas sin déanta agus an t-Aifreann léighte feicthe chuile dhuine dá mbeidh ag an Aifreann mé ag eirge go gléigeal a dhul isteach do na Flaithis.”

“Ní chreidfidh do mhac mé” adeir an gabha, “nuair a inseochas mise dó é.”

“Creidfidh” adeir an duine uasal. “Tiubhraidh mise leitir dhuit agus aithneochaidh sé mo láimh sgríbhneoireacht. Tabhair leat annsin é agus agus spáin dó an spota ar marbhuigheadh mé. Beidh fhios aige go bhfuil tú a’ déanamh na fírinne. Tabhair isteach sa seomra seo é annsin agus innis dó mar tá mise tar éis innseacht duit.”

D’innis sé don mhac gach ar dhubhairt an t-athair leis.

“Is fíor sin” adeir an mac. “Sin é an spota céadna ar thuit m’athair den chapall nuair a marbhuigheadh é. Chuir sé cuireadh ar na tionóntaí uile go léireach. Roinn sé ortha an t-airgead. Chuir sé an baintreabhacha isteach ina gcuid tightheadha agus fuair sé an t-Aifreann léighte. Chonnaiceadar uile go léir é ag imtheacht ina aingeal geal os a gcionn.

Fuair an gabha lá'r na bhárach bhaigín agus péire capall. Luchtúigh se le ór iad. D'fhága sé beannacht ag an duine uasal. Tháinig sé abhaile ag a bhean agus a chlann go Baile Átha an Rí. D'fhan sé ó shoin ann. 22/2/33